Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*

Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland



# Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta

## 2023–2027





**Cill Dara**

Pictiúir Clúdaigh (C go D):

## Na Caibidlí


| | | |
|---|---|---|
| | Réamhrá leis an gCathaoirleach agus leis an bPríomhfheidhmeannach | 02 |
| 01 | Éire Ildánach 2023–2027 | 04 |
| 02 | Cúrsaí Cultúir agus Cruthaitheachta i gComhairle Chontae Chill Dara | 06 |
| 03 | Aisling Chomhairle Chontae Chill Dara maidir le hÉire Ildánach | 10 |
| 04 | Mar a fheidhmíonn Clár Éire Ildánach<br>Prionsabail agus Luachanna Phobail Chruthaitheacha | 11 |
| 05 | Na Bearta Tús Áite ag Comhairle Chontae Chill Dara | 12 |
| 06 | An cur i bhfeidhm ag Meitheal Cultúir agus Cruthaitheachta Chomhairle Chontae Chill Dara | 14 |
| | Mapa de Limistéar Chomhairle Chontae Chill Dara / na Ceantair Bardais | 15 |


Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council

# Réamhrá

Nuair a bhí Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2018–2022 á leagan amach ag Meitheal Cultúir agus Cruthaitheachta Chill Dara, ní fhéadfaí a thuar go mbeadh paindéim dhomhanda i ndán i rith ré na straitéise sin. Táthar anois ag teacht ón bpaindéim sin agus curtha leis an meas ar an tábhacht atá leis an gcruthaitheacht nuair a chuidigh sin le daoine caidreamh a choinneáil le daoine eile agus lena meabhair féin a chothú. Spreag anró na paindéime freisin athmhachnamh ar cheisteanna maidir le timpeallacht an duine agus le spásanna faoin aer, rud a threisíonn leis an tábhacht a leagtar ar ghnéithe sainiúla den taobh tíre i gCill Dara lena gceanglaítear gnéithe suntasacha den stair, den oidhreacht agus den scéalaíocht.

Is a bhuíochas le heolas agus aidhmeannacht na n-ealaíontóirí, an lucht cruthaitheachta, an lucht saineolais agus sainspéise maidir leis an stair áitiúil, an timpeallacht agus an oidhreacht an rath atá ar chlár Éire Ildánach i gCill Dara go dtí seo. Rinneadh athshamhlú agus fairsingiú ar thionscadail a bhí ar bun roimh ré chomh maith le tograí nua a aimsiú agus a thabhairt chun cinn. Faoi stiúir an Choiste Beartais Straitéise maidir le Forbairt Eacnamaíochta, Pobail agus Cultúir, rinneadh an dul chun cinn go dtí seo mar gheall ar an saineolas atá ag daoine ar an meitheal Cultúir agus Cruthaitheachta a chur le chéile.

Tá le tuiscint ó réamheolas maidir le sonraí Dhaonáireamh 2022[1] go bhfuil Cill Dara ar an gcúigiú limistéar is airde daonra ar fud na hÉireann agus go bhfuil cónaí ar 246,977 duine anseo. Fágann sin gur tháinig ardú 11% ón mbliain 2016 i leith. Tá ábhar dúshláin agus deiseanna i gceist leis an éileamh breise sin ar na hacmhainní i ndáil le cúrsaí cultúir sa chontae. Is eol dúinn go bhfuil riar mhaith daoine den aos cruthaitheachta ina gcónaí agus ag saothrú i gContae Chill Dara. Bhí deimhniú air sin i ndeireadh na bliana 2022 nuair a deonaíodh cúnamh do 84 ealaíontóir i gCill Dara faoi scéim shuntasach an Rialtais maidir le hIoncam Bunúsach[2], líon a fhágann Cill Dara ar an gceathrú contae is mó ealaíontóirí faoin scéim sin ar fud na tíre ar fad. Is páirtnéireacht idir an rialtas lárnach agus an rialtas áitiúil mar chuid den chlár Éire Ildánach atá in 'Comharsanachtaí Ildánacha'. Leagtar amach an creatchóras trína gcuirtear bonn treise faoin aisling a thabhairt i gcrích, an ghné náisiúnta a chur i bhfeidhm go háitiúil trí leas a bhaint as eolas agus tuiscint ár gcomhghleacaithe i mbun an rialtais áitiúil ar fud na tíre. Ar mhaithe le comhionannas deiseanna agus le fonn ceiliúradh a dhéanamh ar shainiúlacht gach ceantar faoi leith, deimhnítear in athuair leis an Straitéis seo an dúthracht maidir le deiseanna a chur ar fáil ar fud na gcúig Cheantar Bardais i gCill Dara. Deimhnítear in athuair leis an straitéis freisin an meas atá ag an gComhairle ar shaothar an aos ealaíne agus cruthaitheachta agus an tábhacht a leagtar ar a gcumas caidreamh a chothú ar fud na gcomharsanachtaí agus an fonn treisiú in athuair lena saothar tríd an gclár Éire Ildánach i gCill Dara ós iadsan a chuireann an chuisle ag preabadh i ngach a gcuirtear ar siúl.

Le súil chun cinn, tugtar tús áite do na Cuspóirí Straitéise a ndírítear aird orthu sa Straitéis nua (2023–2027) tar éis caidreamh rialta a chothú leis an aos cruthaitheachta, le páirtnéirí straitéiseacha agus le geallsealbhóirí. Tá aird freisin ar ghnéithe den saol a bheith in aimhréidh, le géarchéim maidir le cúrsaí aeráide, cogaíocht san Úcráin, agus eile. Is furtasta a rachadh éiginnteacht an tsaoil i gcion ach, mar a chonacthas maidir le Covid19, nuair a oibrítear maidir le réimse na cruthaitheachta, is féidir modhanna atá báúil tomhaiste a thapú agus oibriú ar mhaithe leis an tuiscint agus le seifteanna réitigh. Ar ndóigh, beidh neart deiseanna spleodar agus splancanna spraoúla a chruthú freisin!

**Fintan Brett**
Cathaoirleach

**Sonya Kavanagh**
Príomhfheidhmeannach



George Mansfield Tionscadal digitithe na Cartlainne Grianghrafadóireachta, bailiúcháin Staidéir Áitiúla & Chartlainne Chill Dara

1 Daonra Daonáirimh 2022. Athbhreithniú ar na sonraí tosaigh arna bhfoilsiú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh. Taighde GBRÁ. Meán Fómhair 2022. An Dr Bernie O'Donoghue Hynes agus an Dr. Des Delaney
2 gov.ie - Groundbreaking Basic Income for the Arts pilot scheme grants awarded (www.gov.ie)

# 1 Éire Ildánach
## 2023–2027

Is tionscnamh uile-rialtais é Clár Éire Ildánach atá tiomanta do rochtain a fheabhsú i dtaobh chultúr agus chruthaitheacht na hÉireann, rannpháirtíocht iontu a fheabhsú agus an sásamh a bhaintear astu a fheabhsú. Laistigh den réimse leathan de shainmhínithe atá ar fáil, meastar an chruthaitheacht a bheith ina shraith de chumais nádúrtha agus scileanna foghlama; ábaltacht daoine aonair agus eagraíochtaí smaointe agus gnásanna a nglactar leo a shárú agus trí úsáid a bhaint as an tsamhlaíocht chun smaointe nua a chruthú a thugann fiúntas breise do ghníomhaíocht an duine.

Is é fís Chlár Éire Ildánach 2023–2027 an chruthaitheacht a bheith ina gnáthchuid de shaol an náisiúin chun go mbeimid ábalta an cumas iomlán cruthaitheachta atá ionainn, inár saol pearsanta agus inár n-institiúidí, asainn féin agus i ngrúpaí, a thabhairt chun fíre agus folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn.

Déanfaidh Clár Éire Ildánach maith air sin trí oibriú i gcomhar agus i gcomhpháirtíocht ag cur tuiscint agus meas ar luach na cruthaitheachta i ngach aon fhoirm chun cinn – cé acu ar trí na healaíona, cultúr, oidhreacht nó teicneolaíocht é.

**Déanfaidh Clár Éire Ildánach tús áite a thabhairt dá chuid oibre bunaithe ar chúig ghné don tréimhse 2023–2027:**

1. Óige Ildánach
2. Pobail Ildánacha
3. Tionscail Ildánacha
4. Sláinte agus Folláine Ildánach
5. Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht Ildánach

Faoi Chlár Éire Ildánach, tacaíonn Pobail Ildánacha leis an gcomhpháirtíocht idir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus údaráis áitiúla na hÉireann. Cuireann an chomhpháirtíocht seo ar chumas saoránach agus pobal a gcultúr agus a gcruthaitheacht a fhiosrú ag an leibhéal áitiúil agus, nuair is cuí, leas a bhaint as an gcruthaitheacht sin chun an fholláine a neartú, aontacht shóisialta a bhrú chun cinn agus tacú le forbairt eacnamaíoch.

Tá Pobail Ildánacha nuálach chomh maith i dtaobh an chruthaitheacht a spreagadh chun lánpháirtiú níos mó a bhaint amach ar fud tosaíochtaí beartais spriocdhírithe. Mar thoradh air sin tá tionscnaimh rannpháirtíochta cruthaitheachta nua bainte amach maidir le leanaí agus daoine óga, daoine níos sine, gníomhú ar son na haeráide agus geilleagair áitiúla, mar shampla. Tá dearcadh daoine aonair agus pobail maidir leis an ról agus luach atá ag an gcultúr agus ag an gcruthaitheacht lárnach inár bhfolláine sa chiall is leithne ag feabhsú.

Is chun tacú le rannpháirtíocht, uilechuimsiú daoine agus iad a bheith ábalta iad féin a chur in iúl laistigh de phobail atá i gceist leis an deis a glacadh go fonnmhar i Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2023–2027 Cill Dara agus geilleagair áitiúla cruthaitheachta a neartú tuilleadh.



*HerStory Illumination* project, Caisleán Chill Chá, Cill Dara, Lá Fhéile Bríde 2022. **Grianghraf:** Michael O'Rourke Photography

## 2 Cúrsaí Cultúir agus Cruthaitheachta i gCill Dara

Ag féachaint siar ar Straitéise Cultúir agus Cruthaitheachta 2018–2022 i gcomhthéacs a bheith ag teacht ó Covid–19, is cinnte gur dheimhnigh Meitheal Cultúir agus Cruthaitheachta Chill Dara in athuair an tábhacht atá leis an gcruthaitheacht agus leis an gcultúr i saol an tsaoránaigh i gCill Dara. Bhí de rún againn i rith ré cúig bhliana na straitéise deis a thabhairt don uile dhuine i gContae Chill Dara a gcuid cruthaitheachta a thapú agus saothar a chruthú a bheadh ina lón anama agus intinne ag dreamanna den phobal agus ag an duine féin.

I rith na mblianta 2018–2022, rinne Éire Ildánach infheistíocht iomlán dar luach €801,250 maidir leis an gclár Éire Ildánach i gCill Dara. Cuireadh sin i leith réimse forleathan tograí, maidir le gníomh i leith na haeráide, an saoránach i mbun eolaíochta, cúrsaí teicneolaíochta, dea-bhail an duine, cuimsiú sóisialta, ealaín agus Gaeilge, an uile ní ag fónamh don aisling a thabhairt i gcrích. Cuireadh cistí suntasacha ar fáil gach bliain maidir le Sparánachtaí agus béim ina leith sin ar chomhar páirtnéireachta i ndáil le saothar ildisciplíne, ionas go spreagfaí comhchaidreamh spleodrach nua. Rinneadh imeachtaí agus seimineáir a chothú faoin gclár, ina measc Meitheal Cruthaitheachta Ráth Iomgháin, Seimineár ildisciplíne Ealaíne agus Oidhreachta, Seimineár Míleata, Seimineár an Churraigh agus Féile Siúlóide.

Ag teacht le meon na hoibre, meabhraíodh dúinn i rith na paindéime an tábhacht atá leis an dúiche agus le spásanna faoin aer, maidir le dea-bhail an duine agus le caitheamh aimsire, mar sheomra ranga faoin spéir agus maidir leis an dúlra a thaobhú. Eagraíodh tograí bliantúla faoi leith de leithéid chlár Chruinniú na nÓg le ceiliúradh ar an mianach cruthaitheachta sa leanbh agus san ógánach, le haird chomh maith ar a bheith amuigh faoin aer, le ceardlanna Forest Schools i Mullach Raoileann agus ar fhearann Theach Bhaile an Chaisleáin agus Go Fly Your Kite. Chruthaigh Play Acting agus Amharclann Óige Griese sraith drámaí nua atá ceangailte le láthair faoi leith agus bhí siad páirteach freisin le Explore agus le Kildare Youth Theatres i ndáil leis an gclár a d'eagraigh Youth Theatre Ireland maidir le Cruinniú na nÓg. Féachtar le bearta cruthaitheachta a dhéanamh a fhónann do dhea-bhail cholanda na ndaoine agus do lúth na ngéag. Sampla amháin dá leithéid sin an leabhrán treorach maidir le bealaí siúlóide ar na cosáin tarraingthe leis an gCanáil Ríoga agus leis an Mórchanáil i gCill Dara. Tugadh faoi ghleacaíocht le teann spraoi le Dance Bualadh Bos, ceardlann idirghníomhaíochta agus cur i láthair a chruthaigh Ailish Claffey agus Philippa Donnellan, damhsóirí as Cill Dara, in éineacht le dreamanna aosta i gCill Dara.

Mar gheall ar na scileanna a mbeadh éileamh orthu a shonrú, cuireadh le forbairt scileanna ag ealaíontóirí, lucht cruthaitheachta, saineolaithe oidhreachta, áisitheoirí pobail agus grúpaí pobail le sraith de chúrsaí oiliúna i Scileanna Digiteacha leis an mbéaloideasóir Michael Fortune. Cuireadh bailchríoch ar an mbeartaíocht i mí Márta 2021 le hócáid taispeántais ar líne dar teideal 'Stories from the Short Grass', á chur i láthair ag Eleanor Mannion, Iriseoir Nuachta Digiteach ón Tús le RTÉ, ag ar taispeánadh gearrscannáin bunaithe ar an gceantar. Treisíodh freisin le hoidhreacht na dúiche agus cuireadh leis an acmhainneacht ina leith le cúrsaí maidir le hEolas ar an gCeantar, Taifeadadh Béalaithriseoireachta, agus Deireadh Seachtaine maidir le Scileanna Traidisiúnta Tógála i dTeach Bhaile an Chaisleáin, bearta a dtiocfaidh toradh orthu i rith na mblianta atá romhainn.

Tuigtear an leas is féidir a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach maidir leis an gcruthaitheacht agus cúrsaí caidrimh. Bhí tionscadal Leabhair Nótaí Chill Dara aimsir Covid dírithe ar dhaoine aosta agus orthu siúd a bhí ag coinneáil chucu féin. Bhreac siad síos a gcuid smaointe maidir leis an bpaindéim do chartlann Chontae Chill Dara. Cuireadh seisear de lucht na ndialann faoi agallamh i ngearrscannán faisnéise ar tugadh cistíocht ina leith faoin tionscnamh Críonna



Brian Cregan ag tógáil grianghraif den Mhainistir i nDíseart Diarmada, Tionscadal Toibreacha Naofa Chill Dara a Mhapáil. **Grianghraf:** Andrew Sweeney.

Ildánach. Tharraing an scannán aird go forleathan agus bronnadh gradam Chumann Comhlachais Tráchtála na hÉireann maidir tionscadal Rialtais Áitiúil ar mhaithe le Caomhnú na hEalaíne 2021 ar an togra. Bronnadh gradam suntasach faoin scéim Críonna Ildánach 2021 ar an gclár Éire Ildánach i gCill Dara mar gheall ar an tionscadal 'Making MAC' faoinar tugadh cuireadh do dhaoine aosta saothair ealaíne i mbailiúchán ealaíne bardasach Chill Dara a iniúchadh in éineacht leis an ealaíontóir Vera Mc Evoy. Is fada caidreamh g Sadhbh O'Sullivan agus Sharon Murphy, ceoltóirí agus saineolaithe maidir le cúrsaí ealaíne agus sláinte, ina stiúrthóirí ar chóir phoiblí agus ag cur seisiúin ceoil ar siúl do dhaoine a bhfuil néaltrú agus tinneas eile a bhaineann le dul in aois ag gabháil dóibh. Fuair siadsan cistíocht maidir leis an tsraith amhránaíochta Rhinestone Cowboys faoin scéim sparánachta ag Éire Ildánach. Le cabhair deontais ó faoi Éire Ildánach agus faoi Phacáiste an Rialtais d'fhonn Postanna a Spreagadh 2020, beart maidir le Covid 19, chuir Embrace Music, fiontar sóisialta dá gcuid, seirbhís caidrimh i bhfoirm dhigiteach ar fáil do dhaoine i dtithe altranais agus do chúramóirí baile le

seisiúin amhránaíochta idirghníomhacha beo gach seachtain trína leathanach Facebook.

Cuireadh úsáid as teicneolaíocht dhigiteach chun cinn leis an gclár Éire Ildánach i gCill Dara tríd an tionscadal Stitching the Community Together, atá ceangailte le beartaíocht i leith na haeráide. Baintear leas as Réaltacht Fhíorúil i ndáil leis an tionscadal sin trína mbaintear leas as an gcleachtadh atá ag Leabharlanna Chill Dara ar ghnéithe nuálaíochta den teicneolaíocht a úsáid i ndáil leis an gclár STEAM, róbait, códú agus an fhóiréinsic chomh maith le hinfheistíocht bonneagair maidir le trealamh braiteoireachta agus gléas teilgin idirghníomhaíochta den déanamh Tovertafel.

Tá cúnamh á thabhairt maidir leis an nGaeilge le tionscnaimh de leithéid Sult na Sollain (Féile). Cuirtear an Ghaeilge chun cinn le puipéadóireacht, mascanna agus gluaiseacht le seó, Creative Theatre/Cruthú Amharclannaíochta le Clíona de Brí. Cuirtear Teanga Comharthaíochta na hÉireann, teanga oifigiúil de chuid an Stáit ón mbliain 2017 i leith chun cinn i gCill Dara le Athy Sing & Sign. Tugadh cabhair deontais don ghrúpa seo maidir le himeachtaí Féile ISL, cáirióicé Sign and Sign san áireamh, chomh maith le foilseacháin agus múrphictiúir a choimisiúnaítear chun ISL a chur chun cinn le teachtaireachtaí físiúla. Sa bhliain 2022, bhí 'The Possession Project' le Amanda Coogan agus Theatre for the Deaf ar an bpríomhimeacht ag an bhféile.

Cuirtear saol na litríochta chun cinn trí na Seirbhísí Leabharlannaíochta agus Ealaíne le Féile bhliantúil Léitheoirí Chill Dara, clár Connections Through Literature i gcomhar le hIonad na Scríbhneoirí agus an chéad Léitheoir Cónaithe do leanaí óga atá ina gcónaí faoin tuath. Ryan Dennis a chuir 'Voices From The Land: Writing by Irish Farmers' le chéile mar ghné den chlár a leag sé amach ina Scríbhneoir Cónaithe 2021/22 le Seirbhís Leabharlannaíochta agus Ealaíne Chomhairle Chontae Chill Dara agus Roinn an Bhéarla, Ollscoil Mhá Nuad. Le cabhair faoin gclár Éire Ildánach i gCill Dara cuireadh cóipeanna den fhoilseachán ar fáil don Chomórtas Náisiúnta Treabhadóireachta 2022.

Ba bhuntáiste an clár Éire Ildánach maidir le gnéithe de chultúr agus d'oidhreacht Chill Dara. Ba cheiliúradh ar scéal Shackleton, an taiscéalaí, South! Always South a cuireadh ar siúl céad bliain tar éis a bháis. Brian Hughes a chum agus a chuir i láthair le ceol ó Cheolfhoireann Chontae Chill Dara, John Mac Kenna a scríobh an script agus a rinne an tráchtaireacht. Cuireadh i láthair den chéad uair in Ardeaglais Bhríde i rith na bliana 2022. Rinneadh a thaifeadadh le craoladh ar an gclár Nationwide ar RTÉ. Cuireadh chun cinn na pleananna maidir le comóradh Bhríd sa bhliain 2024 1500 bliain tar éis a báis trí thuarascáil a choimisiúnú ó Abarta Heritage agus leis an tionscadal HerStory Illuminations aimsir na Féile Bríde 2021. Tá Brigid 1500 ar cheann de na bearta tús áite maidir leis an gclár Éire Ildánach i gCill Dara 2023–27.

Is gné dhlúth den chlár Éire Ildánach i gCill Dara an Bheartaíocht i leith na hAeráide. Is mór againn Ollscoil Mhá Nuad a bheith sa chontae agus tuigtear an tábhacht atá le hoibriú le daoine den lucht léinn agus den aos ealaíne maidir le taighde a dhéanamh ar obair sa réimse seo, sin a chur i láthair agus a mheas. Sárshampla de mhodh oibre den sórt sin is ea Earth Writings: Bogs, Forests, Fields and Gardens (2020), arna chur in eagar ag Karen E. Till, Ollamh le Tíreolaíocht Chultúrtha in Ollscoil Mhá Nuad, ina bhfoilsítear saothar le daoine den lucht léinn agus den aos dána araon. Bronnadh Gradam Chumann Tíreolaíochta na hÉireann do Leabhar na Bliana ar an bhfoilseachán sin. Tugadh cúnamh taca don ealaíontóir Martina O'Brien scrúdú a dhéanamh ar mhodhanna oibre agus ar ghnáis feineolaíochta ar fud Chontae Chill Dara trí chóras ceamaraí digiteacha a chur leagan amach lena mbraitear an fiántas.



*Ta Ta Tum!* taibhiú ceoil Cruinniú na nÓg Chill Dara 2022, William Kanela, Kasia Eliasz, Márcio Tarkta. **Grianghraf:** Gustavo de Morais




Leathanaigh ó leabhar nótaí Kate O'Rourke Tionscadal Dialann Covid Chill Dara. **Grianghraf:** Lucina Russel

# 3 Aisling Chomhairle Chontae Chill Dara maidir le hÉire Ildánach

Tá an Straitéis seo ag teacht le coinníoll Chomhairle Chontae Chill Dara go ndéantar leas maidir le timpeallacht shóisialta, eacnamaíochta agus cultúr an tsaoránaigh. Coinneoidh Meitheal Cultúir agus Cruthaitheachta Chill Dara an bhéim maidir leis an straitéis le príomhchuspóirí straitéise níos ginearálta Chomhairle Chontae Chill Dara. Dá ainneoin sin, beidh cur chuige sochóirithe i bhfeidhm ionas gur féidir dul in oiriúint do cheapadh beartais agus d'athrú ar chúinsí an tráth céanna a mbítear in ann chuig smaointe nua.

Feictear an tairbhe atá as seasamh le cláir mhórscála ar feadh tréimhsí fada le páirtnéirí straitéiseacha. Is féidir ar an gcaoi sin caidreamh níos dlúithe a chothú leis an bpobal i gcomharsanachtaí éagsúla agus le grúpaí sainspéise, deiseanna níos fearr a chruthú don lucht cruthaitheachta, toradh níos tréine a thabhairt i gcrích agus fad a chur leis an tréimhse a leanfaidh an toradh.

**Tá de chuspóir againn, in éineacht leis na páirtnéirí straitéiseacha comharoibre, aird ar ghnéithe cultúir agus cruthaitheachta a threisiú, a bhisiú agus a dhaingniú i gContae Chill Dara ar fud chláir, ghnáis agus pholasaithe an údaráis áitiúil agus eagraíochtaí eile.**

I rith ré feidhme Straitéis 2018–2022, cuireadh le comhaltaí mheitheal Cultúir agus Cruthaitheachta Chill Dara ionas go bhfuil ionadaithe maidir le Beartaíocht i leith na hAeráide, Caomhnú Ailtireachta, Gaeilge, Léann an Cheantair agus Seirbhísí Sinsearacha Leabharlannaíochta san áireamh. Le haird ar an deis bonn níos treise a chur faoi tionscail cruthaitheachta, leathnófar Meitheal Cultúir agus Cruthaitheachta Chill Dara arís go mbíonn ionadaí ag Oifig Fiontair Áitiúil Chill Dara.

# 4 Clár Éire Ildánach

## Prionsabail agus Luachanna Phobail Chruthaitheacha

Leanfaidh *Pobail Ildánacha* ag tacú le húdaráis áitiúla ina straitéis folláine trí:

— **Beartas** – Ag obair i gcomhar ar fud an rialtais ag tacú le húdaráis áitiúla beartais agus tosaíochtaí ábhartha áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a chur ar fáil;

— **Cleachtadh** – Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta Solúbtha, i réimsí éagsúla ag cur cur chuige sofhreagrúil agus inoiriúnaithe ar fáil atá lárnach do sheachadadh Pobail Ildánacha de réir mar atáthar ag tabhairt aghaidh ar thosaíochtaí atá ábhartha go háitiúil.

— **Rannpháirtíocht** – Níos mó deiseanna a chur ar fáil do dhaoine le bheith páirteach iontu agus sult a bhaint as an gcultúr agus cruthaitheacht ag an leibhéal áitiúil i mbealaí a chuireann bonn agus taca faoi chomhionannas rochtana; agus

— **Comhpháirtíocht** – Idir an rialtas láir agus an rialtas áitiúil, agus Cill Dara agus na hearnálacha áitiúla cultúir agus cruthaitheachta atá againn.

Tá an cur chuige seo bunaithe ar aghaidh a thabhairt ar chlár roinnte, straitéiseach agus maith a dhéanamh ar na dúshláin agus deiseanna ar leith atá i ngach limistéar údaráis áitiúil.

Déanfar comhpháirtíocht *Pobail Ildánacha* a sheachadadh i gcomhréir leis na prionsabail agus luachanna seo a leanas:

i. Rochtain níos leithne a bheith ar fáil ar ghníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta áitiúla (agus rannpháirtíocht iontu).

ii. Úsáid a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun obair i gcomhar agus nuálaíocht a spreagadh i dtaobh folláine, aontacht shóisialta agus forbairt eacnamaíochta níos fearr a bhaint amach.

iii. An cumas atá ag údaráis áitiúla i dtaobh an cultúr agus an chruthaitheacht a imeascadh a neartú ar fud comhfhorbairt áite, athghiniúint, athnuachan agus áiteanna níos bríomhara, níos cruthaithí agus níos inbhuanaithe a fhorbairt.

iv. Infheistíocht a dhéanamh sa chultúr agus sa chruthaitheacht chun tacú le tuairiscí timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíochta a chuidíonn cláir oibre na n-údarás áitiúil a chur ar fáil - idir áitiúil agus réigiúnach, go dtí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

v. Cur leis an gcur chuige lúfar agus comhtháite atá ag Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta chun baint amach breise cláir spriocdhírithe i gcomhar a chothú.

# 5 Na Bearta Tús Áite ag Comhairle Chontae Chill Dara

Leagtar amach na Príomhchuspóirí Straitéise i Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Chill Dara 2023–2027 le haird faoi leith ar *Straitéis Chomhairle Chontae Chill Dara maidir le dul in Oiriúint don Athrú Aeráide* 2019–2024, clár Chill Dara maidir le hÉire na Sláinte, *Straitéis Chill Dara maidir le hImeascadh* 2020–2026 agus *'Straitéis Ealaíne Chomhairle Chontae Chill Dara* 2023–2027. Tá de chuspóir againn freisin an Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta a bheith ina ghnáthchuid den obair ar fud ranna uile an údaráis áitiúil. Táthar tugtha freisin do na beartais a leagtar amach san am atá romhainn a chur i bhfeidhm chomh maith.

Gné bhunúsach de thoradh fiúntach tairbheach a chruthú ar fud na réimsí príomhthábhachta ar fad na healaíontóirí agus an lucht cruthaitheachta. Cuirfear bonn treise freisin faoina gcuid saothair féin nuair a bhíonn sin ag teacht le príomhchuspóirí na Comhairle. Beidh deiseanna cruthaitheachta á spreagadh leis an bPlean seo a fhónann d'athbheochan bunaithe ar an oidhreacht.

I rith ré feidhme na Straitéise roimhe seo, cothaíodh caidreamh le páirtnéirí straitéiseacha, mar shampla Roinn na Tíreolaíochta, Ollscoil Mhá Nuad, le cláir faoina ndearnadh modhanna nua i ndáil le cúrsaí aeráide a scrúdú. Leanfar de chaidreamh a chothú ar mhaithe leis an straitéis le Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta agus leanfar ag cuidiú le hobair ghrúpaí áitiúla maidir le cúrsaí bithéagsúlachta agus beartaíocht i leith na haeráide.

Táthar tugtha d'oibriú le páirtnéirí straitéiseacha chun cur oiread is féidir leis na deiseanna an toradh is fearr a thabhairt i gcrích. Áirítear ar pháirtnéirí an chomhair, Ionad na Scríbhneoirí, an Irish Georgian Society, Cónaidhm Ghrúpaí Stair Áitiúil Chontae Chill Dara, Cumann Seandálaíochta Chontae Chill Dara, grúpaí oidhreachta áitiúla. Spreagtar bearta nua comharoibre.

### Príomhchuspóirí Straitéis Chill Dara 2023– 2027:

- Bearta cruthaitheachta i ndáil le géarchéimeanna na hAeráide agus na Bithéagsúlachta le gníomhartha sainiúla.
- Comhionannas, Iléagsúlacht Cultúir agus Imeascadh a bheith ina ndlúthchuid de chláir.
- Cur le dea-bhail an duine le rannpháirtíocht i gcúrsaí cruthaitheachta ar fud na gclár maidir leis an tsláinte meabhrach agus leis an tsláinte colainne.
- Deiseanna cruthaitheachta a chur ar fáil lena ndéantar Dúchas na Dúiche, Mianach na hOidhreachta agus an Fhéiniúlacht a scrúdú.
- Lucht an chultúir agus na cruthaitheachta go háitiúil a thabhairt chun cinn trí shraith chaomhchóirithe de chláir a chur ar fáil chomh maith le deiseanna comhchaidrimh agus meantóireachta.



Snaidhm Daonna: Ceardlann Dinimiciúla Ghrúpa Explore Youth Theatre, Cill Dara Cruinniú na nÓg 2022. **Grianghraf:** Tamara McCarthy

# 6 An cur i bhfeidhm ag Meitheal Cultúir agus Cruthaitheachta Chill Dara

Tá Meitheal Cultúir agus Cruthaitheachta ar bun ag Comhairle Chontae Chill Dara maidir le stiúir agus maoirseacht ar chur i bhfeidhm na Straitéise seo.

Tá Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta ag Cill Dara chun cur i bhfeidhm na Straitéise seo a threorú agus maoirseacht a dhéanamh air. Is iad na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta bunchloch na bPobal Ildánach ar fud gach ceann den 31 údarás áitiúil in Éirinn. Tugann na foirne seo réimse agus leibhéal suntasach saineolais le chéile agus, in go leor cásanna, áirítear orthu daoine gairmiúla ó réimsí amhail ailtireacht, na healaíona, gníomhú ar son na haeráide, forbairt pobail, fiontraíochta agus timpeallachta, oidhreacht, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, an Ghaeilge, leabharlanna, pleanáil spásúlachta, turasóireacht agus eile. Cuireann an méid eolas teicniúil atá ag na foirne seo ar chumas gach údarás áitiúil úsáid a bhaint as an méid léargais, acmhainní agus taithí seachadta atá acu, nithe nach mbeadh ag mórán eagraíochtaí poiblí eile ná ag eagraíochtaí san earnáil phríobháideach.


Is é an ról atá ag an bhfoireann seo ná:

- Fóram comhchoiteann a chur ar fáil i dtaobh uaillmhian an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh den údarás áitiúil;
- Díriú ar éagsúlacht agus uileghabhálacht agus a chur ar chumas pobail a bhfuil sé níos deacra iad a mhealladh a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta;
- Cur le saineolas agus straitéisí intí atá ann cheana ar feadh réimsí na folláine, aontacht folláine agus forbairt eacnamaíochta d'fhonn leas a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun cláir oibre spriocdhírithe údaráis áitiúil a chur ar fáil;
- Athrú a chumasú i dtaobh an luach atá ar earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh d'údaráis áitiúla agus ar fud údaráis áitiúla agus a chinntiú go ndéantar an cultúr agus an chruthaitheacht a leabú ar fud pleananna, polasaithe agus foirne tionscadail sna húdaráis áitiúla.
- Borradh a chur faoi ghníomhartha tras-chomhoibríocha a thacaíonn le hathrú agus torthaí dearfacha go háitiúil, agus a d'fhéadfadh a bheith ann idir údaráis áitiúla ag leibhéal réigiúnach; agus
- A bheith nuálach agus rioscaí a ghlacadh - tionscadail nua agus bealaí nua oibre a thriail.

An Stiúrthóir Seirbhísí maidir le Forbairt Eacnamaíochta, Pobail agus Cultúir atá i gceann an róid maidir leis an Straitéis a thabhairt i gcrích agus áirítear ar bhaill Mheitheal Cultúir agus Cruthaitheachta Chomhairle Chontae Chill Dara, an tOifigeach Caomhantais Ailtireachta, an Comhardaitheoir maidir le Gníomh i leith na hAeráide, Leabharlannaí an Chontae, Oifigeach Foirne na Leabharlainne, an Leabharlannaí Sinsearach Feidhmiúcháin, an tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach maidir le Cúrsaí Pobail agus Cultúir, Oifigeach Oidhreachta an Chontae, Oifigeach Ealaíne an Chontae, Oifigeach Gaeilge an Chontae, Comhardaitheoir Pháirtnéireacht Spóirt Chill Dara, Leabharlannaí Léann an Cheantair agus an tOifigeach Fiontair Áitiúil.

Áirítear na struchtúir agus na próisis seo ar na tosca cinniúnacha maidir le príomhchuspóirí straitéise Chomhairle Chontae Chill Dara i ndáil le *Pobal Ildánach* a thabhairt i gcrích.

## Mapa Chill Dara



A Government of Ireland Initiative.
Tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann.

—

CreativeIrl
creativeirl
creativeireland

—

**creativeireland.gov.ie**

**Éire Ildánach**

*Ag spreagadh agus ag athrú daoine, áiteanna agus pobal tríd an gcruthaitheacht.*